Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Nóta Treorach maidir le Socrúchán Scoile 2021-2022


1 **Réamhrá** ........ 2
2 **Achoimre ar na Príomhphointí** ........ 2
3 **Cúlra** ........ 3
4 **Treoir** ........ 4
4.1 **Suíomhanna Cleachtais agus Foghlama** ........ 4
4.2 **Breathnóireachtaí agus Measúnú** ........ 5
4.2.1. **Prótacal maidir le Cuairt ar an Láthair don Socrúchán Scoile** ........ 7
4.2.2. **Feitheoireacht Fhíorúil don Socrúchán Scoile** ........ 8

## 1 Réamhrá

Molann an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Mhúinteoireachta institiúidí ardoideachais (IAOanna), comhlachtaí bainistíochta scoile, príomhoidí, Treoraithe (múinteoirí comhoibríocha roimhe seo), ceardchumainn múinteoirí, comhlachtaí gairmiúla na bpríomhoidí, múinteoirí faoi oiliúint, tuismitheoirí agus daltaí as an tslí ina ndearnadh an socrúchán scoile a éascú ó thosaigh paindéim Covid-19.

Tá sé tábhachtach go leanfar lena leithéid de chomhoibriú i rith na bliana acadúla 2021/2022 d'fhonn tacú lenár scoileanna fanacht oscailte go sábháilte i gcomhthéacs na paindéime Covid-19 agus soláthar leanúnach múinteoirí cáilithe a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais. Tá riachtanais na bhfoghlaimeoirí inár seomraí ranga agus fás gairmiúil agus folláine múinteoirí faoi oiliúint mar chuid lárnach de chláir Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM).

Tá sé mar chomhsprioc ag na comhpháirtithe uile socrúchán scoile a éascú, i rith na bliana acadúla 2021/2022, de réir pholasaí na Comhairle Múinteoireachta ar shocrúchán scoile agus ar OTM agus cultúir ghairmiúla scoileanna. Táthar ag súil go dtarlóidh teagasc agus foghlaim ar an láthair i rith 2021/2022 go háirithe i bhfianaise rolladh amach leanúnach an chláir vacsaínithe agus a thionchar. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuideodh cloí le treoirlínte sláinte poiblí agus na bearta coiscthe agus rialaithe ionfhabhtaithe go léir lena chinntiú gur féidir le socrúcháin scoile feidhmiú mar is gnáth a mhéid is féidir le linn na bliana acadúla seo.

Mar sin féin, i bhfianaise na staide atá ag teacht chun cinn le Covid-19, tuigeann an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais go bhfuil gá fós le treoir shoiléir faoin tslí inar féidir le socrúchán scoile feidhmiú i dtimpeallacht Covid-19.

Tá sé i gceist go dtacódh na treoirlínte seo má bhíonn gá le socruithe malartacha nó teagmhasachta.

## 2 Achoimre ar na Príomhphointí

1. Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh an socrúchán scoile ar aghaidh go sábháilte i gcomhthéacs Covid-19.
2. Tá sláinte agus sábháilteacht gach duine a bhfuil baint acu leis an socrúchán scoile mar phríomhthosaíocht.
3. Tá socrúchán scoile riachtanach d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí agus do scoileanna, mar cuidíonn sé soláthar leordhóthanach múinteoirí a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais.
4. Tuigfidh gach múinteoir óna dtaithí féin go bhfuil socrúchán scoile mar ghné ríthábhachtach lena chinntiú go n-ullmhaítear múinteoirí todhchaí don bhfíorshaol laethúil sa seomra ranga.
5. Déantar gach scoil a gríosú go láidir chun leanúint le múinteoirí faoi oiliúint a óstáil ar shocrúchán scoile le linn 2021/2022.
6. Féadfaidh an teagasc agus an fhoghlaim tarlú i roinnt suíomhanna cleachtais agus foghlama. Caithfear na socruithe maidir le socrúchán scoile a oiriúnú do gach ceann acu, ar bhealach atá de réir an pholasaí náisiúnta.
7. Caithfear breathnóireacht agus measúnú a dhéanamh ar gach múinteoir faoi oiliúint ar shocrúchán scoile sula ngnóthaíonn siad cáilíocht ó IAOanna.

8. Beidh sé riachtanach go mbíonn oiriúnacht agus solúbthacht ar fáil ó gach duine a bhfuil baint acu le socrúchán scoile chun a leanúnachas agus a chur i bhfeidhm a chinntiú i gcomhthéacs Covid-19. Cuireann an nóta treorach seo soiléireacht ar fáil do chách faoin tslí inar féidir socrúchán, breathnóireacht agus measúnú scoile a dhéanamh go sábháilte agus go rathúil.

## 3 Cúlra

Cinntíonn cláir OTM go mbeidh múinteoirí todhchaí inniúil ar na dúshláin a bheidh rompu a chomhlíonadh, agus go mbeidh siad sásta a bheith ina bhfoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, ag oiriúnú go leanúnach le linn a ngairmeacha le cur ar a gcumas tacú lena ndaltaí a lánacmhainneacht a bhaint amach (An Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017). Baineann an téarma socrúchán scoile leis an gcuid sin den chlár OTM a tharlaíonn i suíomhanna scoile. Thar aon ní eile, is spás agus am é ina bhfoghlaimíonn múinteoirí faoi oiliúint a bheith ina múinteoirí.

Mar a tharlaíonn de ghnáth, beidh gá ag scoileanna le soláthar leanúnach múinteoirí a bhfuil an taithí riachtanach socrúcháin scoile acu chun na sonraíochtaí curaclaim / ábhair a sholáthar. Dá bhrí sin, in ainneoin na ndúshlán atá roimh gach scoil agus institiúid ardoideachais i bhfianaise na paindéime Covid-19, tá sé ríthábhachtach go leanfar leis an socrúchán scoile. Glactar leis go mbeidh oiriúnacht agus solúbthacht riachtanach chun a leanúnachas agus a chur i bhfeidhm a chinntiú i gcomhthéacs Covid-19. Bhí an chomhpháirtíocht mar bhonn leis an socrúchán scoile i gcónaí, agus i bhfianaise na paindéime Covid-19, tá tacaíocht leanúnach ó scoileanna do mhúinteoirí faoi oiliúint níos tábhachtaí ná riamh.

Murab ionann agus go leor gairmeacha eile, i ngeall ar an líon mac léinn atá sa chéad chéim seo den chontanam oideachas múinteoirí, ní féidir a gcuid ama don fhoghlaim ghairmiúil a chur chuig an meántéarma agus fadtéarma.

Tuigimid ón obair ar shocrúchán scoile go dtí seo go raibh brúnna suntasacha cheana féin ar chodanna éagsúla d’eagrú na socrúchán scoile roimh Covid-19. Dá gcuirfí siar aon chohórt amháin a bhfuil bloic ama suntasacha acu chuirfeadh a leithéid leis na brúnna seo sa chaoi is go dtarlódh gan mhoill nach bhféadfaí iad a láimhseáil. Ina theannta sin, leanann na dúshláin a bhaineann le soláthar múinteoirí.

Feidhmíonn creidiúnú gairmiúil na Comhairle Múinteoireachta do chláir OTM ar an bprionsabal go n-ullmhaíonn an clár múinteoirí cáilitheacha do riachtanais agus ionchais ghairmiúla thimpeallacht an tseomra ranga mar atá, ní mar ba mhaith linn go mbeadh sé. Toisc gur leathnaigh timpeallacht na scoile i bhfíor-am isteach i mbeagnach gach teach sa tír le linn tréimhsí 2020 agus 2021, agus d’fhéadfadh go dtarlódh a leithéid arís, ciallaíonn sé seo gur féidir le teagasc agus foghlaim leanúint ar aghaidh in aon cheann nó gach ceann de na spásanna seo.

Sa chomhthéacs seo féadfaidh agus caithfidh an socrúchán scoile deiseanna a sholáthar do mhúinteoirí faoi oiliúint chun a gcleachtas a fhorbairt agus a fhás i ngach ceann de na spásanna seo, más ábhartha. I gcomhar le scoileanna comhpháirtíochta, ba cheart do sholáthraithe OTM leanúint ar aghaidh ag pleanáil do shocrúchán scoile de réir pholasaí na Comhairle Múinteoireachta maidir le socrúchán scoile agus OTM. Mar sin féin, i bhfianaise na paindéime leanúnaí agus

na mbeart go mb'fhéidir go mbeadh ar scoileanna agus IAOanna a ghlacadh i rith na scoilbhliana 2021/2022, tá gá fós leis an treoir thíos faoin tslí inar féidir leis an socrúchán scoile feidhmiú i dtimpeallacht Covid-19.

Is mian leis an gComhairle a buíochas a chur in iúl arís as cion suntasach na dTreoraithe i leith forbairt ghairmiúil agus fás múinteoirí faoi oiliúint agus iad ar shocrúcháin. Tá a dtiomantas gairmiúil agus a bhflaithiúlacht maidir lena saineolas agus a bhfoghlaim a roinnt ríthábhachtach sa phróiseas seo.

## 4 Treoir

I gcomhthéacs Covid-19, leagtar amach sa Nóta Treorach seo creat soiléir agus solúbtha do IAOnna agus do scoileanna araon chun socrúcháin scoile a shocrú agus a éascú don bhliain acadúil 2021-2022. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuireann an treoir seo creat roghanna ar fáil atá ar aon dul le polasaí na Comhairle maidir le socrúchán scoile agus Oideachas Tosaigh do Mhúinteoirí (OTM). Ba chóir a thuiscint gur creat roghanna é seo, nach bhfuil sé leagtha síos agus nach moltar rogha amháin thar rogha eile.

### 4.1 Suíomhanna Cleachtais agus Foghlama

Aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta gur féidir socrúchán scoile a thuiscint mar shuíomhanna cleachtais agus foghlama agus go bhféadfadh, mar thoradh ar shrianta Covid-19, go mbeadh ar mhúinteoirí faoi oiliúint socrúchán scoile a chríochnú i suíomhanna éagsúla ó am go ham.

Tá ceithre shuíomh cleachtais tagtha chun cinn don teagasc agus don fhoghlaim le linn na paindéime reatha:

1. Teagasc agus foghlaim ar an láthair i scoileanna (faoi réir comhairle agus treoir sláinte poiblí ón Roinn Oideachais do scoileanna).
2. Ranganna sioncronacha - Teagasc agus foghlaim beo ar líne. I bhfianaise na n-íogaireachtaí agus na gcastachtaí atá ann, molann an Chomhairle cúram ar leith a ghlacadh maidir le modhanna breathnóireachta agus measúnaithe a bhunú don socrúchán. Féach mír 4.2. É sin ráite, aithníonn agus molann an Roinn agus an Chomhairle an dul chun cinn suntasach a rinne múinteoirí agus scoileanna le linn an dá bhliain acadúil atá thart maidir le hardáin dhigiteacha a úsáid do ranganna sioncrónacha beo ar líne.
3. Teagasc agus foghlaim aisioncronach – seo nuair a ullmhaíonn agus a idirghníomhaíonn múinteoirí agus daltaí le hábhar ag amanna éagsúla. De ghnáth, uaslódálann an múinteoir ábhair / taifeadtaí ceachta srl. Bíonn na daltaí gafa le hábhair agus déanann siad tascanna ag am eile gan an múinteoir a bheith i láthair agus déantar a gcuid oibre a uaslódáil le hathbhreithniú ag an múinteoir. Cuireann an múinteoir aiseolas ar fáil ansin i bhfoirm scríofa nó taifeadta.
4. Comhoibriú baile-scoile –seo nuair a d'fhéadfadh sé a bheith an-deacair nó dodhéanta rochtain a fháil ar fhoghlaim ar líne, beo nó aisioncronach. D'fhéadfadh go n-áireofaí sa chás seo scoileanna a rinne iarracht a bheith i dteagmháil le tuismitheoirí agus daltaí trí theagmháil leo sa bhaile.

Caithfidh socrúchán scoile cabhrú le múinteoirí faoi oiliúint ullmhú do thimpeallacht na scoile mar atá, agus tá an Chomhairle sásta a dhearbhú go n-aithnítear gach ceann de na ceithre shuíomh thuas mar shuíomhanna bailí cleachtais agus foghlama don phróiseas, agus go bhfuil siad comhlíontach le Céim, polasaí na Comhairle Múinteoireachta ar OTM agus na Treoirlínte don Socrúchán Scoile. Is mian linn a shoiléiriú freisin go ndéantar cur síos ar na suíomhanna seo ionas go mbeidh siad chomh hionchuimsitheach agus is féidir de na cásanna éagsúla ar dócha a bheidh mar thaithí ag scoileanna agus IAOanna. Níl sé i gceist gur cur síos uileghabhálach iad ar na cásanna seo.

Aithníonn an Chomhairle go n-úsáidtear oideolaíochtaí éagsúla ar fud na suíomhanna cleachtais agus dearbhaíonn sí go n-aithnítear gach ceann acu bailí sa phróiseas teagaisc agus foghlama. Mar aon leis na suíomhanna cleachtais agus foghlama, ní mór gan dearmad a dhéanamh ar ról lárnach an chleachtais mhachnamhach sa socrúchán scoile, mar a bhaineann le gach gné den OTM. Ag foghlaim ó nuálaíocht scoileanna agus IAOanna le linn na paindéime sláinte poiblí go dtí seo, aithníonn an Chomhairle gur féidir leis an gcleachtas machnamhach ann féin tacú ar roinnt bealaí leis an measúnú ar an socrúchán. Tá léiriú le fáil air seo, mar shampla, ó cháilíocht na dtascanna a chuir go leor múinteoirí faoi oiliúint isteach chun a riachtanas socrúcháin a chomhlíonadh sa bhliain acadúil reatha.

Beidh an/na suíomh(anna) a bhíonn in úsáid le haghaidh aon tréimhse socrúcháin i scoil ar leith ag brath an tslí ina bhféadfadh tionchar a bheith ag treoir sláinte poiblí ar an scoil áirithe sin. Táthar ag súil go dtarlóidh teagasc agus foghlaim ar an láthair le linn na scoilbhliana 2021/2022. Ba chóir do scoileanna agus IAOanna na suíomhanna cleachtais agus foghlama a bhaineann lena socrúchán féin a phlé.

Glacann an Chomhairle Mhúinteoireachta leis freisin go mb’fhéidir go mbeadh gá athrú go tapa ó shuíomh cleachtais agus foghlama amháin i scoil go suíomh eile mar fhreagairt ar chomhairle féideartha sláinte poiblí. Dá bhrí sin, ba chóir do IAOanna na cásanna ina bhfuil a múinteoirí faoi oiliúint a mhapáil i gcoinne na suíomhanna cleachtais a aithnítear sa doiciméad seo. Ina fhianaise seo, féadfaidh socrúchán scoile i rith na bliana acadúla 2021/2022 deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint páirt a ghlacadh i dteaglaimí éagsúla de réimse gníomhaíochtaí agus cleachtas socrúcháin scoile de na timpeallachtaí mar atá leatha amach thuas, agus mar a mheasann IAOanna aonair a bheith oiriúnach dá gcláir féin.

Féadfaidh mic léinn a bheith gafa le cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus pleanála lena n-áirítear inter alia; teagasc foirne ar líne, ceachtanna aisioncronacha a ullmhú, físeanna agus breathnóireachtaí a chruthú.

## 4.2 Breathnóireachtaí agus Measúnú

Is gné lárnach de chláir OTM é socrúchán scoile do na múinteoirí faoi oiliúint agus dá n-institiúidí ardoideachais araon. Ina dhiaidh sin, is cuid lárnach de shocrúchán scoile an bhreathnóireacht agus an measúnú ar mhúinteoirí faoi oiliúint. Caithfear breathnóireacht agus measúnú a dhéanamh ar gach múinteoir faoi oiliúint ar shocrúchán scoile sula bhfaigheann siad cáilíocht ó IAOanna.

I gcomhthéacs Covid-19, ba chóir breathnóireacht amháin ar a laghad a dhéanamh i bhfíor-am agus sa timpeallacht foghlama céanna leis an múinteoir faoi oiliúint. Ba chóir breathnóireachtaí dá leithéid a dhéanamh ar an láthair nuair is féidir iad a dhéanamh go sábháilte de réir an Phrótacail Cuairte Socrúcháin Scoile (féach thíos). Má eascraíonn cúinsí eisceachtúla ina ndéantar cuairteanna ar an láthair a chosc/theorannú bunaithe ar threoirlínte sláinte poiblí i gcomhthéacs Covid-19, féadfaidh IAOanna tosaíocht a thabhairt don bhreathnóireacht ar mhúinteoirí faoi oiliúint ar an láthair, de réir Phrionsabal 1 thíos. Baineann sé seo leis an scoilbhliain 2021/2022 amháin.

Aithnítear go mb'fhéidir go mbeidh solúbthacht de dhíth ar theagascóirí IAO maidir le modhanna measúnaithe ar mhúinteoirí faoi oiliúint agus féadfaidh IAOanna raon roghanna indéanta a mheas. Le tuisicnt ar shuíomhanna agus ar chomhthéacsanna éagsúla, ní roghanna saintreorach iad seo ach is sraith roghanna iad ar féidir le IAOnna a mheas i gcomhthéacs na nósanna imeachta agus na rialacháin acadúla atá acu féin. D'fhéadfadh siad seo a bheith san áireamh: cuairteanna ar theagascóirí ar an láthair (faoi réir comhairle sláinte poiblí agus Treoir na Roinne Oideachais maidir le cuairteoirí i scoileanna), micreatheagasc, sruthú beo, foghlaim punann-bhunaithe agus cleachtas machnamhach.

I bhfianaise na ndúshlán suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann do scoileanna mar thoradh ar Covid-19 agus lena chinntiú go gcloítear le treoirlínte sláinte poiblí, baineann na prionsabail seo a leanas leis an scoilbhliain 2021/2022 maidir le teagascóirí socrúcháin a thugann cuairt ar scoileanna chun breathnóireacht agus measúnú a dhéanamh ar mhúinteoirí faoi oiliúint agus iad ar shocrúchán scoile:

1. Deimhníonn an Roinn agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, i gcomhthéacs na paindéime Covid-19, agus don scoilbhliain 2021/2022 amháin, gur féidir le IAOanna tosaíocht a thabhairt do mhúinteoirí faoi oiliúint do chuairteanna ar an láthair i scoileanna. Áireofar lena leithéid de thosaíocht múinteoirí faoi oiliúint nár breathnaíodh ar shocrúchán scoile ó thosaigh siad i mbun staidéir, go háirithe iad siúd ina mbliain deiridh staidéir, mar aon le líon beag cásanna aonair ina gcinneann na IAOanna go bhfuil gá le breathnóireacht ar an láthair.
2. Rinneadh Prótacal Cuairte Socrúcháin Scoile a fhorbairt (féach thíos) chun scoileanna agus IAOanna a threorú lena chinntiú, nuair a tharlaíonn a leithéid de bhreathnóireachtaí ar an láthair de réir na treorach thuas, gur féidir leo tarlú go sábháilte agus de réir na treorach sláinte náisiúnta atá i bhfeidhm ag an am agus Plean Freagartha Covid na scoile.
3. Féadfar breathnóireacht agus measúnú a dhéanamh ar mhúinteoirí faoi oiliúint trí shocruithe malartacha eile mar atá sa nóta treorach seo.
4. Moltar go láidir do IAOanna painéil réigiúnacha de theagascóirí socrúcháin a bhunú ar bhonn comhoibritheach. Chiallódh sé seo go dtabharfadh painéal amháin teagascóirí cuairteanna socrúcháin thar ceann roinnt nó gach institiúid ardoideachais i limistéar geografach áirithe.
5. Moltar do IAOanna freisin a chinntiú go dtugann mic léinn faoi shocrúcháin i mbloic ama (m.sh. 3 lá sa tseachtain nó níos mó; 10 seachtaine srl.) seachas socruithe de chineálacha eile (m.sh. lá amháin sa tseachtain) don scoilbhliain 2021/2022, más indéanta. Caithfidh socruithe socrúcháin aird a thabhairt ar

chomhairle náisiúnta sláinte poiblí agus ar threoirlínte an Rialtais. I gcomhthéacs an oideachais, léiríonn taithí go dtí seo go mbeidh tionchar suntasach ag dhá phríomhghné ar aon chinntí a dhéanfar:

a. Sláinte agus sábháilteacht gach ball den phobal scoile a chosaint agus
b. Soláthar leordhóthanach múinteoirí cáilithe a chinntiú chun freastal ar riachtanais aitheanta an chórais, lena n-áirítear ionadaíocht. Áirítear leis óstáil múinteoirí faoi oiliúint a éascú chun cuidiú le freastal ar riachtanais ionadaíochta gearrthéarmacha de réir phrótacail na Comhairle Múinteoireachta agus na Roinne, mar aon lena chinntiú go gcáilíonn na múinteoirí faoi oiliúint céanna in am agus leis an ullmhúchán is fearr is féidir don saol scoile agus do riachtanais na bhfoghlaimeoirí.

### 4.2.1. Prótacal maidir le Cuairt ar an Láthair don Socrúchán Scoile

Soiléiríonn an prótacal seo na socruithe ar cheart cloí leo lena chinntiú gur féidir cuairteanna ar an láthair a dhéanamh go sábháilte:

- Déanfaidh IAOanna cuairteanna socrúcháin scoile a phleanáil i gcomhairle le bainistíocht na scoile.
- Cinnteoidh IAOnna go mbeidh oiliúint ionduchtaithe Covid-19 faighte ag gach teagascóir socrúcháin.
- Socróidh na IAOanna ord tosaíochta maidir leis na múinteoirí faoi oiliúint a dtabharfar cuairt orthu chun an tionchar ar scoileanna a íoslaghdú.
- Tá IAOnna agus an Chomhairle Mhúinteoireachta ar aon intinn, i bhfianaise na gcúinsí eisceachtúla, nach féidir ach teagascóir socrúcháin amháin a bheith ag breathnú ar mhúinteoirí faoi oiliúint ar shocrúchán, mura gcinnfidh an institiúid ardoideachais go bhfuil gá le breathnóireacht ó theagascóir eile.
- Tá faomhadh tugtha don treoir seo a leanas do theagascóirí socrúcháin lena chinntiú gur féidir leo cuairt a thabhairt ar scoileanna go sábháilte agus de réir threoirlínte sláinte poiblí. Tá na prótacail seo bunaithe ar phrótacail den chineál céanna a d’fhorbair Cigireacht na Roinne Oideachais (‘Filleadh Sábháilte ar Obair ar an Láithair: Dréacht Treoir do Chigirí i Suíomhanna Luathfhoghlama agus Cúraim (LFC), i Scoileanna agus i Suíomhanna Eile’).

I. Déanfaidh teagascóirí socrúcháin don chuairt scoile a sceidealú roimh ré i gcomhairle le bainistíocht na scoile.
II. Déanfaidh teagascóirí socrúcháin na mionsonraí faoi shocruithe na scoile do chuairteoirí a éileamh.
III. Ba chóir do theagascóirí socrúcháin dearbhú sláinte Covid-19 a chomhlánú roimh gach cuairt ar scoil.
IV. Ní thabharfaidh teagascóirí socrúcháin cuairt ar níos mó ná 1 scoil in aghaidh an lae.
V. Cloífidh teagascóirí socrúcháin le Plean Freagartha Covid-19 na scoile lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
   a. Logáil Rianaithe Teagmhála na scoile do chuairteoirí a chomhlánú.
   b. Cloí leis na riachtanais maidir le fadú fisiceach mar atá leagtha amach i dtreoir na Roinne do scoileanna.

c. Clúdaigh aghaidhe a úsáid
d. Gléasanna digiteacha agus oibre eile a ghlanadh/a shláintiú tar éis gach cuairt scoile.

VI. Cuirfidh teagascóirí socrúcháin aiseolas iar-bhreathnóireachta ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint lasmuigh den láthair i.e. in ionad ar leith ina bhfuil fadú sóisialta, ar an bhfón nó trí ghlao físe.

VII. Beidh idirghníomhaíochtaí teagascóirí socrúcháin íoslaghdaithe le daoine eile nuair a bhíonn siad ar an láthair.

### 4.2.2. Feitheoireacht Fhíorúil don Socrúchán Scoile

Is mian leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus leis an Roinn a shoiléiriú gur féidir le haon socruithe maoirseachta fíorúla atá i bhfeidhm cheana ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile leanúint ag feidhmiú de réir na treorach seo. Féadfaidh éagsúlachtaí a bheith idir na cúinsí bunscoile agus iar-bhunscoile. Beidh IAOnna i dteagmháil le scoileanna agus le páirtithe leasmhara ina leith seo.

Molann an Chomhairle gur cheart leanúint le cúram ar leith a ghlacadh maidir le socruithe maoirseachta fíorúla, nuair is cuí.

I gcás teagaisc agus foghlama ar an láthair, féadfar leanúint de leas a bhaint as teicneolaíocht dhigiteach chun ranganna a thaifeadadh don mheasúnú i gcomhthéacsanna áirithe agus féadfar measúnú a dhéanamh ar thaifeadtaí le haghaidh teagaisc aisioncronach. Is féidir formáidí fíorúla a mheas freisin do thimpeallachtaí teagaisc agus foghlama beo ar líne.

Caithfear leanúint le gach cúram cuí a ghlacadh chun ceachtanna a shruthlú beo agus a thaifeadadh. Ar an dála céanna, bíonn tionchar an teagaisc ar fhoghlaimeoirí mar ghné ríthábhachtach de na próisis breathnóireachta agus measúnaithe i socrúchán scoile . Caithfidh teagascóirí socrúcháin tionchar chleachtas múinteoirí faoi oiliúint ar dhaltaí a mheas agus iad á múineadh ag múinteoirí faoi oiliúint.

Áirítear i measc na gcroíphrionsabal is gá a chomhlíonadh nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ar an bhformáid mheasúnaithe atá le húsáid:

a. Leanúnachas agus cáilíocht taithí an tsocrúcháin scoile a chosaint.
b. Leanúint le breathnóireachtaí ar theagasc agus ar fhoghlaim, lena n-áirítear rannpháirtíocht daltaí.
c. A chinntiú go mbíonn gach rannpháirtí sa cheacht ar an eolas agus go dtugann siad toiliú, más cuí, ceachtanna a thaifeadadh chun an socrúchán scoile a mheas.
d. A chinntiú go ndéantar taifeadtaí de cheachtanna a bhainistiú de réir pholasaithe IAO agus go gcuirtear treoir chuí um chosaint sonraí ar fáil faoi RGCS.
e. Crua-earraí agus bogearraí a roghnú a uasmhéadaíonn slándáil an phróisis sruthaithe/taifeadta do gach duine atá páirteach. Tá tuilleadh treorach faoi úsáid ardáin don teagasc agus don fhoghlaim ar líne ar fáil ón SFGM.

Beidh IAOnna i dteagmháil le scoileanna faoi na prótacail atá forbartha acu maidir le socruithe maoirseachta fíorúla.

Tá sé ríthábhachtach go ndéantar leanúnachas eispéiris foghlama ar ardchaighdeán a chosaint do mhúinteoirí faoi oiliúint atá ag gabháil do chláir OTM. É sin ráite, tá an imní chéanna ag baint le sláinte agus sábháilteacht múinteoirí, múinteoirí faoi oiliúint, daltaí agus foireann IAO agus ba cheart an phleanáil go léir a dhéanamh de réir chomhairle agus treoir sláinte poiblí na Roinne Oideachais.

I bhfianaise an chomhthéacs atá ag teacht chun cinn, aithníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais an ríthábhacht a bhaineann le teagmháil leanúnach le, agus idir, IAOanna agus scoileanna. Ina leith seo, tabharfaidh an Chomhairle páirtithe sa phróiseas le chéile ó am go ham d'fhonn barrchleachtais maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na treorach seo a éascú.